



DÁIL ÉIREANN

Déardaoin, 26 Márta, 2020
Thursday, 26th March, 2020

RIAR NA hOIBRE
ORDER PAPER

Déardaoin, 26 Márta, 2020
Thursday, 26th March, 2020

11 a.m.

ORD GNÓ
ORDER OF BUSINESS

2. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Alt 181), 2020.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Planning and Development Act 2000 (Section 181) Regulations 2020.
3. Tairiscint *maidir le* Ceadú beartaithe ag Dáil Éireann i ndáil leis na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2), 2020.
Motion *re* Proposed approval by Dáil Éireann of the Planning and Development Act 2000 (Exempted Development) (No. 2) Regulations 2020.
1. An Bille um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 — Ordú don Dara Céim.
Emergency Measures in the Public Interest (Covid-19) Bill 2020 — Order for Second Stage.

I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

Billí a thionscnamh: Initiation of Bills

Tíolactha:

Presented:

1. An Bille um Bearta Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020 — Ordú don Dara Céim.
Emergency Measures in the Public Interest (Covid-19) Bill 2020 — Order for Second Stage.

Bille dá ngairtear Acht, do dhéanamh socrú eisceachtúil, ar mhaithe le leas an phobail agus ag féachaint don bhaol follasach tromaí atá ann don bheatha dhaonna agus don tsláinte phoiblí de dheasca an galar ar a dtugtar Covid-19 a bheith ag leathadh agus, d'fhonn maolú a dhéanamh, i gcás gurb indéanta sin, ar éifeacht leathadh an ghalair sin agus d'fhonn maolú a dhéanamh ar na droch-iarmhairtí eacnamaíocha a bheidh mar thoradh, nó is dóigh a bheidh mar thoradh, ar leathadh an ghalair sin agus d'fhonn maolú a dhéanamh ar an tionchar a bheidh aige ar riaradh feidhmeanna seirbhíse poiblí ríthábhachtacha; do dhéanamh socrú i ndáil le hoibriú forálacha áirithe den Acht um Thionóntachtaí Cónaithe, 2004 le linn na tréimhse 3 mhí tar éis an tAcht seo a achtú agus le linn cibé tréimhse bhreise (más ann) a shonrófar le hordú ón Rialtas; do leasú an Achta um Pleanáil agus Forbairt, 2000 chun socrú a dhéanamh, in imthosca áirithe, maidir le neamhaird a thabhairt ar thréimhse áirithe le linn teorainneacha ama a ríomh dá dtagraítear san Acht sin agus in achtacháin áirithe eile; do dhéanamh socrú maidir le gairmithe áirithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a chlárú chun freastal don ghá atá le hacmhainní liachta chun maolú a dhéanamh ar an mbaol atá ann don bheatha dhaonna agus don tsláinte phoiblí ó Covid-19 agus, chun na gcríoch sin agus chun críoch gaolmhar, do leasú Acht na bhFiaclóirí, 1985, an Achta um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005, an Achta Cógaisíochta, 2007, Acht na Lia-Chleachtóirí, 2007 agus Acht na nAltraí agus na gCnáimhseach, 2011; do dhéanamh socrú, mar gheall ar riachtanais na héigeandála sláinte poiblí de dheasca Covid-19 a bheith ag leathadh, maidir le leasuithe agus modhnuithe áirithe ar na forálacha den Acht Meabhair-Shláinte, 2001 a bhaineann

Bill entitled an Act, to make exceptional provision, in the public interest and having regard to the manifest and grave risk to human life and public health posed by the spread of the disease known as Covid-19 and in order to mitigate, where practicable, the effect of the spread of that disease and to mitigate the adverse economic consequences resulting, or likely to result from the spread of that disease and to mitigate its impact on the administration of vital public service functions; to make provision in relation to the operation of certain provisions of the Residential Tenancies Act 2004 during the period of 3 months following the enactment of this Act and such further period (if any) as may be specified by order of the Government; to amend the Planning and Development Act 2000 to provide, in certain circumstances, for the disregard of a certain period in the calculation of time limits referred to in that Act and in certain other enactments; to provide for the registration of certain health and social care professionals to fulfil the need for medical resources to alleviate the risk from Covid-19 to human life and public health and for those and related purposes to amend the Dentists Act 1985, the Health and Social Care Professionals Act 2005, the Pharmacy Act 2007, the Medical Practitioners Act 2007, and the Nurses and Midwives Act 2011; to make provision, due to the exigencies of the public health emergency posed by the spread of Covid-19, for certain amendments and modifications to the provisions of the Mental Health Act 2001 relating to the carrying out of reviews under section 18 of that Act; to amend the Defence Act 1954 to enable the re-enlistment of formerly enlisted persons; to enable the provision of a temporary wage subsidy to certain employees; to make provision in relation to the operation of certain provisions of the Redundancy

le hathbheithnithe a dhéanamh faoi alt 18 den Acht sin; do leasú an Achta Cosanta, 1954 chun a chumasú daoine a bhí liostáilte tráth a athliostáil; dá chumasú fóirdheontas pá sealadach a sholáthar d'fhostaithe áirithe; do dhéanamh socrú i ndáil le hoibriú forálacha áirithe den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 ar feadh tréimhse áirithe tar éis an tAcht seo a achtú agus ar feadh cibé tréimhse bhreise (más ann) a shonrófar le hordú ón Rialtas agus, chun na críche sin, do leasú an Achta um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967; do dhéanamh socrú chun a cheadú go ndéanfar gnéithe áirithe den chóras cláraithe shibhialta a oibriú ar mhodh modhnaithe, más gá, ar feadh tréimhse theoranta agus ar feadh cibé tréimhse bhreise (más ann) a shonrófar le hordú ón Rialtas, lena n-áirítear trína cheadú do dhaoine áirithe sonraí a sholáthar do chláráitheoir i scríbhinn seachas trí láithriú i bpearsa, agus trína cheadú d'fhoireann an Ard-Chláráitheora feidhmeanna cláraitheoirí áirithe a chomhlíonadh in imthosca a fhágfaidh nach mbeidh an córas cláraithe shibhialta ar fáil chun a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, nó nach mbeidh ar chumas an chórais cláraithe shibhialta a fheidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh, faoi mar a bheadh de ghnáth, agus, chun na gcríoch sin, do leasú an Achta um Chlárú Sibhialta, 2004; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara.

Payments Act 1967 for a certain period following the enactment of this Act and such further period (if any) as may be specified by order of the Government and, for that purpose, to amend the Redundancy Payments Act 1967; to make provision allowing for the modified operation of certain aspects of the civil registration system, if required, for a limited period and such further period (if any) as may be specified by order of the Government, including by way of allowing certain persons to provide particulars to a registrar in writing rather than by appearing in person, and by allowing the staff of an tArd-Chláráitheoir to perform the functions of certain registrars in circumstances where the civil registration system is not available or able to perform its statutory functions as it ordinarily would be, and for those purposes, to amend the Civil Registration Act 2004; and to provide for related matters.

—*An tAire Sláinte.*

Fógraí Tairisceana: Notices of Motions

- | | |
|---|---|
| <p>2. “Go gceadaíonn Dáil Éireann na Rialacháin seo a leanas ina ndrúacht:</p> <p style="padding-left: 40px;">Na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Alt 181), 2020,</p> <p>ar leagadh cóip díobh ina ndrúacht faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Márta 2020.</p> | <p>That Dáil Éireann approves the following Regulations in draft:</p> <p style="padding-left: 40px;">Planning and Development Act 2000 (Section 181) Regulations 2020,</p> <p>a copy of which has been laid in draft form before Dáil Éireann on 25th March, 2020.”</p> |
|---|---|

—*An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.*

- | | |
|--|---|
| <p>3. “Go gceadaíonn Dáil Éireann na</p> | <p>That Dáil Éireann approves the following</p> |
|--|---|

Rialacháin seo a leanas ina ndrúacht:

Na Rialacháin fán Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (Forbairt Dhíolmhaithe) (Uimh. 2), 2020,

ar leagadh cóip díobh ina ndrúacht faoi bhráid Dháil Éireann an 25 Márta 2020.

Regulations in draft:

Planning and Development Act 2000 (Exempted Development) (No. 2) Regulations 2020,

a copy of which has been laid in draft form before Dáil Éireann on 25th March, 2020.”

—*An tAire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.*

TEACHTAIREACHTAÍ ÓN RIALTAS MESSAGES FROM THE GOVERNMENT

An Bille um Beartha Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19), 2020. Emergency Measures in the Public Interest (Covid-19) Bill 2020.

For the purpose of Article 17.2 of the Constitution, the Government recommend that it is expedient to authorise such payments out of moneys provided by the Oireachtas as are necessary to give effect to any Act of the present session to make exceptional provision, in the public interest and having regard to the manifest and grave risk to human life and public health posed by the spread of the disease known as Covid-19 and in order to mitigate, where practicable, the effect of the spread of that disease and to mitigate the adverse economic consequences resulting, or likely to result from the spread of that disease and to mitigate its impact on the administration of vital public service functions; to make provision in relation to the operation of certain provisions of the Residential Tenancies Act 2004 during the period of 3 months following the enactment of this Act and such further period (if any) as may be specified by order of the Government; to amend the Planning and Development Act 2000 to provide, in certain circumstances, for the disregard of a certain period in the calculation of time limits referred to in that Act and in certain other enactments; to provide for the registration of certain health and social care professionals to fulfil the need for medical resources to alleviate the risk from Covid-19 to human life and public health and for those and related purposes to amend the Dentists Act 1985, the Health and Social Care Professionals Act 2005, the Pharmacy Act 2007, the Medical Practitioners Act 2007, and the Nurses and Midwives Act 2011; to make provision, due to the exigencies of the public health emergency posed by the spread of Covid-19, for certain amendments and modifications to the provisions of the Mental Health Act 2001 relating to the carrying out of reviews under section 18 of that Act; to amend the Defence Act 1954 to enable the re-enlistment of formerly enlisted persons; to enable the provision of a temporary wage subsidy to certain employees; to make provision in relation to the operation of certain provisions of the Redundancy Payments Act 1967 for a certain period following the enactment of this Act and such further period (if any) as may be specified by order of the Government and, for that purpose, to amend the Redundancy Payments Act 1967; to make provision allowing for the modified operation of certain aspects of the civil registration system, if required, for a limited period and such further period (if any) as may be specified by order of the Government, including by way of allowing certain persons to provide particulars to a registrar in writing rather than by appearing in person, and by allowing the staff of an tArd-Chláraitheoir to perform the functions of certain registrars in circumstances where the civil registration system is not available or able to perform its statutory functions as it ordinarily would be, and for those purposes, to amend the Civil Registration Act 2004; and to provide for related matters.

Given on this 25th day of March, 2020

(Signed) Leo Varadkar,
An Taoiseach.

**SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA dTITHE
DOCUMENTS LAID BEFORE THE HOUSES¹**

<i>Reachtúil</i>	<i>Statutory</i>
<i>Tairiscint Ceadaithe ag Teastáil</i>	<i>Requiring Motion of Approval</i>
Níl aon scríbhinn á leagan faoin gCatagóir seo	None
<i>In-neamhnithe le Tairiscint</i>	<i>Open to Motion to Annul</i>
Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Cearta Scairshealbhóirí), 2020 (I.R. Uimh. 81 de 2020).	European Union (Shareholders' Rights) Regulations 2020 (S.I. No. 81 of 2020).
Na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Tiománaithe a Cheadúnú), 2020 (I.R. Uimh. 86 de 2020).	Road Traffic (Licensing of Drivers) (Amendment) Regulations 2020 (S.I. No. 86 of 2020).
Na Rialacháin Loingis Cheannaíochta (An Coinbhinsiún Oibreachais Mhuirí) (Dliteanais Longúinéirí agus Athdhúichiú) (Leasú), 2020 (I.R. Uimh. 88 de 2020).	Merchant Shipping (Maritime Labour Convention) (Shipowners' Liabilities And Repatriation) (Amendment) Regulations 2020 (S.I. No. 88 of 2020).
<i>Eile</i>	<i>Other</i>
An Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt. Tuarascáil maidir le Forbairtí iomchuí AE sa tréimhse 1 Iúil 2019 - 31 Nollaig 2019, arna cur faoi bhráid faoi Alt 2(5) d'Acht an Aontais Eorpaigh (Grinnscrúdú), 2002.	Department of Transport, Tourism and Sport. Report on relevant EU Developments in the period 1 July, 2019 - 31 December, 2019, submitted under Section 2(5) of the European Union (Scrutiny) Act 2002.
An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste. Tuarascáil Speisialta – bainistiú agus diúscairt iasachtaí Project Nantes ag GNBS. Tuarascáil Uimhir 109. Nollaig 2019.	Comptroller and Auditor General. Special Report – NAMA's management and disposal of the Project Nantes loans. Report Number 109. December, 2019.
An Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní. Tuarascáil Ráithiúil agus Cuntais Ráithiúla GNBS, 30 Meán Fómhair 2019.	National Asset Management Agency. NAMA Quarterly Report and Accounts, 30 September, 2019.
Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 56ú seisiún de Choiste Saineolaithe na	Proposal for a Council Decision on the position to be taken on behalf of the European Union at the 56th session of the Committee of Experts for the Carriage of

¹ I gcás nach leagtar scríbhinn ach faoi bhráid aon Teach amháin, cuirfear (D) – Dáil nó (S) – Seanad ina diaidh dá réir sin.

Where a document is laid before one House only it will be appended with (D) – Dáil or (S) – Seanad accordingly.

hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hIompar Earraí Contúirteacha i dtaobh leasuithe áirithe ar Fhoscríbhinn C a ghabhann leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród mar aon le nóta faisnéise miniúcháin. COM (2020) 71.

Páipéar Bán ar Intleacht Shaorga – Cur chuige Eorpach i leith barr feabhais agus iontaobhais mar aon le nóta faisnéise miniúcháin. COM (2020) 65.

Ard-Mhúsaem na hÉireann. An Tuarascáil Bhliantúil, 2018.

Ard-Mhúsaem na hÉireann. Na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

An Roinn Airgeadais. An Cúigiú Tuarascáil Déag faoi Alt 5 den Acht um Shaoráid Chobhsaíochta Airgeadais Eorpach, 2010 (Uimh. 16 de 2010): Tréimhse Tuairiscithe: 1 Iúil 2019 go 31 Nollaig 2019.

An Roinn Airgeadais. An Cúigiú Tuarascáil Déag faoi Alt 4 den Acht um Shaoráid Iasachta an Limistéir Euro, 2010 (Uimh. 7 de 2010): Tréimhse Tuairiscithe: 1 Iúil 2019 go 31 Nollaig 2019.

An Roinn Airgeadais. An Cúigiú Tuarascáil Déag faoi Alt 8 den Acht um an Sásra Cobhsaíochta Eorpach, 2012 (Uimh. 20 de 2012): Tréimhse Tuairiscithe: 1 Iúil 2019 go 31 Nollaig 2019.

Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála. Na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

An Bord um Chúnamh Dlíthiúil. An Tuarascáil Bhliantúil (lena n-áirítear na Ráitis Airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018).

Neamhreachtúil

Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Onnmhairí Trealaimh Chosanta Phearsanta a Rialú), 2020 (I.R. Uimh. 84 de 2020).

An tOrdú um an Acht Airgeadais, 2004 (Alt 91) (Géilleadh don Phríomh-Chiste a Iarchur), 2020 (I.R. Uimh. 85 de 2020).

Dangerous Goods of the Intergovernmental Organisation for International Carriage by Rail as regards certain amendments to Appendix C to the Convention concerning International Carriage by Rail together with explanatory information note. COM (2020) 71.

White Paper on Artificial Intelligence – A European approach to excellence and trust together with explanatory information note. COM (2020) 65.

National Museum of Ireland. Annual Report, 2018.

National Museum of Ireland. Financial Statements Year Ended 31st December, 2018.

Department of Finance. Fifteenth Report under Section 5 of the European Financial Stability Facility Act 2010 (No. 16 of 2010): Reporting Period: 1 July, 2019 to 31 December, 2019.

Department of Finance. Fifteenth Report under Section 4 of the Euro Area Loan Facility Act 2010 (No. 7 of 2010): Reporting Period: 1 July, 2019 to 31 December, 2019.

Department of Finance. Fifteenth Report under Section 8 of the European Stability Mechanism Act 2012 (No. 20 of 2012): Reporting Period: 1 July, 2019 to 31 December, 2019.

National Treatment Purchase Fund Board. Financial Statements For Year Ended 31 December, 2018.

Legal Aid Board. Annual Report 2018 (includes Financial Statements for Year Ended 31 December, 2018).

Non-Statutory

European Union (Control of Exports of Personal Protective Equipment) Regulations 2020 (S. I. No. 84 of 2020).

Finance Act 2004 (Section 91) (Deferred Surrender to Central Fund) Order 2020 (S.I. No. 85 of 2020).

An tOrdú um an Acht Uchtála (Leasú), 2017
(Tosach Feidhme), 2020 (I.R. Uimh. 80 de
2020).

Adoption (Amendment) Act 2017
(Commencement) Order 2020 (S.I. no. 80 of
2020).